



## **IARSCRÍBHINN**

### **RIALACHA OIFIGIÚLA MAIDIR LE DUAIS EORPACH CHARLEMAGNE DON ÓIGE A LEITHDHÁILEADH**

#### **AIRTEAGAL 1 - AINM**

Gach bliain, bronnfaidh Fondúireacht Dhuais Idirnáisiúnta Charlemagne Aachen agus Parlaimint na hEorpa “Duais Eorpach Charlemagne don Óige”.

#### **AIRTEAGAL II - CUSPÓIR NA DUAISE**

1. Bronntar an duais seo ar thionscadail a d’eagraigh daoine óga idir 16 agus 30 agus a bhfuil éachtaí as cuimse léirithe acu sna réimsí seo a leanas:
  - a. tuiscint a chur chun cinn ar fud na hEorpa agus go hidirnáisiúnta bunaithe ar luachanna daonlathacha (amhail, mar shampla, urraim do dhíne an duine, sairse, comhionannas, an smacht reachta agus urraim do chearta an duine);
  - b. féiniúlacht choiteann Eorpach agus lánpháirtíú Eorpach a chur chun cinn;
  - c. daoine óga eile san Eoraip a spreagadh chun páirt a ghlacadh inár ndaonlathas;
  - d. samplaí praiticiúla a thairiscint d’Eorpaigh ag maireachtáil le chéile mar phobal.
2. D’fhéadfadh na tionscadail díriú ar eagrú imeachtaí óige éagsúla amhail (ach gan a bheith teoranta do) malairtí óige, cluichí spreagtha, féilte polaitiúla óige, taispeántais, oiliúint, tionscadail ar líne, nó nithe eile comhchosúla.

#### **AIRTEAGAL III – CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA**

1. Beidh an t-iarratasóir idir 16 bliana agus 30 bliain d’aois ar an dáta a gcuirfear isteach an t-iarratas.
2. Is náisiúnach de Bhallstát AE nó náisiúnach tríú tír a chónaíonn go dlíthiúil ar chríoch an Aontais a bheidh san iarratasóir tráth dháta tíolactha an iarratais.
3. Is é a bheidh san iarratasóir:
  - a. duine aonair, nó
  - b. grúpa daoine, nó
  - c. eagrais.
4. I gcásanna inar grúpa daoine aonair nó eagrais é an t-iarratasóir, ba cheart an t-iarratas a chur isteach in ainm an duine fhreagraigh a dhéanann ionadaíocht thar ceann grúpa nó eagrais. Comhlíonfaidh an duine freagrach sin critéir Airteagal III.1 agus III.2.
5. Tionscadal náisiúnta (i.e. tionscadal a dhéantar i mBallstát amháin agus a dhíríonn ar rannpháirtithe ón mBallstát sin) nó idirnáisiúnta (i.e. a dhéantar i níos mó ná Ballstát amháin agus/nó a dhíríonn ar rannpháirtithe ó níos mó ná Ballstát amháin).
6. Ní féidir tionscadal a chur isteach ach in aon Bhallstát amháin den Aontas – i gcás tionscadal

idirnáisiúnta, ní mór an t-iarratas a chur isteach sa Bhallstát ina bhfuil an nasc is dlúithe ag an tionscadal.

#### **AIRTEAGAL IV – CRITÉIR EISIATA**

1. Níl na tionscadail seo incháilithe do Dhuais Eorpach Charlemagne don Óige:
  - a. tionscadail atá ag céim na pleanála agus tionscadail atá ag na chéad chéimeanna den chur chun feidhme nach féidir aon torthaí a fháil uathu ag tús an nós imeachta um iarratas;
  - b. tionscadail ó dhaoine aonair atá ag obair le hinstitiúid Eorpach nó le Fondúireacht Dhuais Idirnáisiúnta Charlemagne Aachen;
  - c. tráchtais agus foilseacháin acadúla;
  - d. tionscadail a fuair duais cheana a bhronn institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht Eorpach;
  - e. na trí iomaitheoir Eorpacha deiridh ar na babhtaí roimhe seo de Dhuais Eorpach Charlemagne don Óige;
  - f. gníomhaíochtaí arb é brabús a dhéanamh an príomhchuspóir atá acu;
  - g. gníomhaíochtaí eagraíochtaí rialtais.
  
2. Ní bheidh daoine aonair, grúpaí daoine nó eagrais incháilithe le haghaidh na Duaise sa chás go bhfuarthas ciontach iad i mbreithiúnas deiridh.

#### **AIRTEAGAL V - IARRATAIS A CHUR ISTEACH**

1. Is féidir tionscadail a chur isteach in aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais trí fhoirm thiomnaithe ar líne.
2. Cuirfear sonraí maidir le hiarratais a chur isteach ar fáil sa ghlaó ar iarratais, arna fhoilsiú ar shuíomh gréasáin Dhuais Eorpach Charlemagne don Óige.
3. I bprionsabal, is é an 1 Feabhra an spriocdháta le hiarratais a chur isteach. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa an spriocdháta chun iarratais a chur isteach a mhodhnú, agus féilire Pharlaimint na hEorpa agus imthosca speisialta a d'fhéadfadh a bheith ann á gcur san áireamh aici.

#### **AIRTEAGAL VI - CRITÉIR DHÁMHACHTANA**

Déanfar meastóireacht ar na tionscadail de réir na gcritéar seo a leanas:

- a. A mhéid a baineadh amach cuspóirí na duaise, mar a léirítear in Airteagal II. Déanfaidh na giúiréithe machnamh ar líon na ndaoine óga a ghlac páirt i gcur chun feidhme an tionscadail agus ar an bhfor-rochtain a baineadh amach.
- b. Tabharfar aird ar leith ar thionscadail a bhfuil gné thrasnáisiúnta ag baint leo, tionscadail a bhfuil baint ag daoine óga ó níos mó ná Ballstát amháin leo ó bunaíodh iad go dtí a chur chun feidhme.
- c. Cruthaitheacht agus úrnuacht an tionscadail, lena n-áirítear tionscnaimh nuálacha;

#### **AIRTEAGAL VII – ROGHNÚ NA MBUAITEOIRÍ**

1. Roghnaigh an giúiré náisiúnta i ngach Ballstát an tionscadal is fearr as measc na dtionscadal a

cuireadh isteach sa Bhallstát sin.

2. Roghnaíonn an giúiré Eorpach triúr buaiteoirí Eorpacha – an chéad buaiteoir, an dara buaiteoir agus an tríú buaiteoir Eorpach – as measc na mbuaiteoirí náisiúnta.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus Fondúireacht Dhuais Idirnáisiúnta Charlemagne Aachen a chinneadh nós imeachta vótála poiblí a chur chun feidhme chun rannchuidiú le roghnú na mbuaiteoirí Eorpacha.

### **AIRTEAGAL VIII - GIÚIRÉITHE NÁISIÚNTA**

1. Giúiréithe náisiúnta ar a mbeidh beirt Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa agus ionadaí ó eagrais óige, roghnóidh siad buaiteoir náisiúnta amháin in aghaidh an Bhallstáit.
2. Forchoimeádann an giúiré an ceart diúltú d'aon iontráil nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar síos don chomórtas.
3. Iarrann an Oifig Idirchaidrimh sa Bhallstát faoi seach ar Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa páirt a ghlacadh sna giúiréithe náisiúnta ar bhonn bliantúil.

### **AIRTEAGAL IX - GIÚIRÉITHE NÁISIÚNTA**

1. Roghnaíonn an giúiré Eorpach, ar a bhfuil beirt Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán Parlaimint na hEorpa, triúr ionadaithe ó Fhondúireacht Dhuais Idirnáisiúnta Charlemagne Aachen agus beirt ionadaithe ó earnáil na hóige na trí bhuaiteoir Eorpacha as na tionscadail bhuaiteacha náisiúnta arna roghnú ag na giúiréithe náisiúnta.
2. Ní bheidh aon dul thar chinneadh an choiste roghnúcháin Eorpaigh.

### **AIRTEAGAL X – DEARLAIC AGUS SEARMANAS BRONNTA**

1. Gheobhaidh na trí thionscadal Eorpacha is fearr na dámhachtainí seo a leanas: €7,500 don chéad áit, €5,000 don dara háit, agus €2,500 don tríú háit. Íocfar suim na dámhachtana trí aistriú bainc chuig na cuntais bhainc a sholáthraíonn na buaiteoirí.
2. Tabharfar cuireadh d'ionadaí amháin ó gach tionscadal náisiúnta a bhuaigh ar bhonn náisiúnta freastal ar shearmanas bronnta Dhuais Charlemagne don Óige in Aachen.
3. Is iad Uachtarán Parlaimint na hEorpa agus ionadaithe ó Fhondúireacht Dhuais Idirnáisiúnta Charlemagne Aachen a bhronnfaidh na duaiseanna ar na buaiteoirí Eorpacha. Mar chuid den duais, tabharfar cuireadh do na buaiteoirí Eorpacha cuairt a thabhairt ar Pharlaimint na hEorpa (sa Bhruiséil nó in Strasbourg).

### **AIRTEAGAL XI – CÓIPCHEART**

Forchoimeádann Parlaimint na hEorpa agus Fondúireacht Dhuais Idirnáisiúnta Charlemagne Aachen an ceart an t-ábhar a cuireadh isteach a atáirgeadh chun críocha léirithe, na meán agus margaíochta.

### **AIRTEAGAL XII - FREAGRACHT**

Ní mheasfar go bhfuil an lucht eagair freagrach as aon chealú, cur siar ná modhnú a dhéantar ar an gcomórtas agus/nó an searmanas bronnta.

### **AIRTEAGAL XIII – GLACADH LE RIALACHÁIN**

Is intuigthe ó rannpháirtíocht sa chomórtas go nglactar go hiomlán leis na rialacha seo.